

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020: AN COIMISINÉIR TEANGA

Bhain ceann as gach cúig ghearán a rinneadh leis an gCoimisinéir Teanga anuraidh le Covid.

Ba ghearáin maidir le Covid-19 a bhí in 20% de na gearáin a d'ardaigh an Coimisinéir Teanga le comhlachtaí poiblí anuraidh. Bhain formhór na gcásanna le modhanna éagsúla cumarsáide leis an bpobal a bhí i mBéarla amháin, ina measc leabhráin eolais, suíomhanna gréasáin agus fógraíocht. Ní fhéadfaí go leor de na gearáin a fhiosrú go foirmiúil mar gheall ar easpa soláthar seirbhísí trí Ghaeilge in Acht na dTeangacha Oifigiúla, dar leis an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill.

Dúirt an tUasal Ó Domhnaill: *“Léiríonn na figiúirí sa Tuarascáil Bhliantúil nuair ba thábhachtaí agus ba phráinní an tseirbhís nó an t-eolas ón Stát gur lú an seans go gcuirfí ar fáil as Gaeilge í. Bhraith go leor de na daoine a rinne teagmháil le m’Oifig go raibh imeallú á dhéanamh ar lucht labhartha na Gaeilge tráth ar ghá an pobal ar fad a thabhairt le chéile in iarracht chomónta. Níor cheart beagán a dhéanamh de na dúshláin ollmhóra atá roimh an Stát in aimsir Covid ach níor cheart go mbeadh coimhlint idir na gníomhartha tromchúiseacha náisiúnta atá idir lámha agus dualgais i dtaca le cearta teanga.”*

Dúirt Rónán Ó Domhnaill chomh maith: *“Léiríonn na gearáin a rinneadh leis an Oifig anuraidh arís eile an gá le hAcht Teanga neartaithe chun seirbhís níos fearr trí Ghaeilge a fháil ón Stát. Tá súil go dtosóidh an Bille Teanga leasaithe á dhéanamh sin ach é a bheith achtaithe.”*

Thug Oifig an Choimisinéara Teanga ceithre imscrúdú fhoirmiúla chun críche le linn 2020. Bhain péire acu le Covid.

Léirigh imscrúdú amháin gur sháraigh an Roinn Oideachais an tAcht Oideachais nuair a chinn sí tairseach ar líne chun go gcláródh mic léinn do ghráid ríofa san Ardteist a chur ar fáil i mBéarla amháin.

Léirigh imscrúdú eile gur sháraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe Acht na dTeangacha Oifigiúla nuair a chuir an Chomhairle comharthaí i mBéarla amháin a bhain le Covid in airde ar fud na cathrach.

Ar an iomlán rinneadh 604 gearán leis an Oifig anuraidh – laghdú 14% ó 2019. Tháinig 33% de na gearáin ó Bhaile Átha Cliath agus 23% ó na ceantair Ghaeltachta.

TUILLIADH EOLAIS: Órla de Búrca, Bainisteoir Cumarsáide, Oifig an Choimisinéara Teanga

Teil: [\(091\) 504 006](tel:(091)504006)

Rphost: eolas@coimisineir.ie

 @ceartateanga